IORRAS

Lá mór do Iorras a ḃéas ann an Luan seo ċugainn nuair a ḃéas an Uaċtarlann nua dá oscailt go h-oifigiúil. Tá an tAire Talmaíoċta, Caṫal Uas. Mac Eoċaiḋ, a' teaċt leis an stáisiún scagṫa a oscailt. Beiḋ an tearmanas oifigiúil ann ar a 3 a' ċlog.

Cúis mór bróin frid Iorras ar fad, an scéala a ṫáinig gur maraíoḋ Tomás Mac Cárṫaig, as Eoċnais, Poll a' tSomáis, in aois a 52 bliana, i dtaisme oibre i mBirmingham. Ḃí sé ag obair ag leagann seana air-raid shelter nuair a ṫit cuid den díon coimcréide isteaċ air. Saor a comrádaiṫe é agus tugaḋ go dtí an ospidéal é, aċ fuair sé bás de ġortaiṫe ansin. Tugaḋ an corp na ḃaile go Eoċaḋnas, an áit ar ḋúirt an tAṫair Ó Loinsiġ, S.C., ú na paidreaċa os cionn an ċoirp, agus ċuaiġ sé leis an tórraṁ go reilig Poll a' tSomáis, taréis Aifreann na Marḃ.

Tá clú mór a' teaċt ar iascaireaċt doiṁin-ḟarraige i gcuan an Ḟóid Duḃ. An tseaċtain seo caite, ḃí scaipte iascairí ó Sasain amaċ le Daiṫí Mac Suiḃne i n-a ḃád féin, an "Thelma" agus ba ṁór ar fad an méid scate ⁊ maicréil a ḃeir siad orṫa, ċom maiṫ le éisc níos mó, mar tope.

Ḃí scata mór ar fad ag rása na n-asal ag Béal an Ṁuirṫid Dé Doṁnaiġ seo caite, agus ḃí coiṁlint maiṫ fá ċoinniḃ an £40 airgead duaise a ḃí dá ṫairiscint.

Tá seaċtain ó ṡin pósaḋ Antoine Calpin, Tullahan, Duḃṫuama, agus Máire Ní Ġeaċráin, Duḃ-ṫuama. An Canónaċ Ó Duarcáin, S.P., Beannċor Iorras a pós iad, le Aifreann an Pósta agus Beannaċt an Ṗápa. L. Ní Ġeaċrán, deirfiúr na brídeoige, agus P. Ó Calpin, deartár an ḟir a ḃí ag baiteoireaċt leo. Ḃí os cionn 70 ag an ḃainis i dteaċ cónaí na brídeoige, na ḋéiḋ.

Ḃfuil áit ar biṫ eile sa tír 'na raiḃ sé grúpaí deartáraċa ag caḃrú leis an ḟoireann ċéanna? Ḃí sé sin amlaiḋ le foireann Naoṁ Ṗádraig, Beannċor, ag craoḃ comórtas Muigeo Tuaiḋ.

Coṁġáirdeaċas le Liam Ó Ciarḋa, O.S., peileadóir cliúteaċ, Beannċor, ar a ḃeiṫ geallta le Betti Ní Ṁurċú, Eaċaḋ Ballia, Beannċor Iorras. Tá Liam ag teagasc i nGleann Ċuilinn, Beannċor Iorras.

Cuireaḋ fáilte ṁór roiṁ foireann Naoṁ Ṗádraig, Beannċor, Dé Doṁnaiġ, nuair a ṫáinig siad na ḃaile, indiaiḋ an ḃua a fáil ar Cnoc Mór, in craoḃ cluiċe an Tuaiscirt. h-Iompríoḋ an caiptín. Miċeál Ó Súilleaḃáin, as Baile Cruaiḋe, ar ġuailne fear frid an ḃaile, le Corn Ṁic Éil. Tá súil go dtaḃarfaiḋ cuid fear Iorras tuilleaḋ onóraċa aḃaile leo gan ṁoill.

Cúis bróin sa ċeantar, bás Antoine Ó Máille, Carn, Béal an Ṁuirṫid, in aois a 84 bliana. Mac leis. an tAṫair Breandán Ó Máille, atá ag obair insan Ċongo. Ḃí ard ṁeas air féin agus ar a ṫeallaċ insan ċeantar. Fear ciúin socair agus cuideaċta maiṫ ab' ea é, agus ḃí gaċ duine go maiṫ dó. Tá brón mór sa ċeantar faoin a ḃás, ní hé aṁáin imeasc a ġaolta féin aċ imeasc a an-ṁórán cáirde agus coṁarsanaí, a ḃí go maiṫ dó. Tugaḋ an corp go dtí Séipéal Ḃárr Snáṁ, áit ar léiġ an tAṫair Breandán Ó Máille, Aifreann Solúnta na Marḃ. leis an Aṫair Ó Mórḋa, S.C., Carn, mar deacon agus an tAṫair Laiḃín, S.C., Carn, mar fó-deacon, agus an tAṫair Ó Maolċiaráin. S.C., Béal an Ṁuirṫid, mar máistir tearmanais. Imeasc na gcainteoirí, ḃí an Canónaċ Ó Cilgallin, S.P., Fód Duḃ, An Canónaċ Ó Dúrcáin, S.P.. Beannċor, an tAṫair Ó Cléiriġ, S.C., Baile an Ċaisleáin. Ċuaiġ an soċraid go dtí reilig Tearman, Carna. Níṫear coṁbrón lena ḃeanċéile, lena ċlann mac, an tAṫair Breandán, Peadar. Máirtín, Seán agus Antoine, agus a iníonaċa, an tSiúr Máire Pól, Bean Uí Ċrónáin, Caitlín ⁊ Gráinne.

Rud aisteaċ a fuair Miċeál Lalaiġ, Tón Más, Béal an Ṁuirṫid, nó tube plastic. ina raiḃ nóta, a léiġ, Iúl, 1965, "Help! I'm a prisoner in a Chinese Fortune Cookie Factory." Ohio. Ṫug an tUasal Lalaiġ an nóta do na Gárdaí ag Béal an Ṁuirṫid. Meastar go dtáinig an nóta isteaċ ón ḟarraige.

Toisc droċ aimsir a ḃeiṫ ann don Doṁnaċ seo caite, cuireaḋ siar comórtas slat iascaireaċta mara go dtí an Doṁnaċ seo ċugainn. an 19ú Lá Meán Fómair, dáta a ṫug Coiste Ċonnaċt do ṁuintir Béal an Ṁuirṫid.

...D'éirig go h-íontaċ maiṫ leis an taispeántas i mBéal an Ṁuirṫid. Ḃí na sluaite i mBéal an Ṁuirṫid don Lá mór, agus na céadta ag dul go páirc an taispeántais ó lua ar maidin. San iarnóin, ḃí sráideanna an ḃaile plódaiṫe ar fad. Ḃí an freastal ar an taispeántas an ṁór. Ḃí uiṁir an ṁór de taispeántaisí ⁊ tógaḋ cuid maiṫ airgid ar an ġeata. Ḃí 1,700 iarrataisí istiġ ar na comórtaisí, cuid maiṫ níos mó ná an 500 iarratais a ḃí ann nuair a ḃí an taispeántas ann ċeana, in 1954. Ḃí luċt gnóṫa an ḃaile ana ṡásta leis an taispeántas, agus meastar go ḃfuil sé bunaiṫe arís ar ḋúsraiṫe folláin. Ḃí árd ṁolaḋ ag na moltóirí ar caiġdeán na dtaispeántaisí. Is mór an cliú do Uaċtarán an taispeántas. an tAṫair Deacon Fianaiġ, S.P., leas-uaċtarán, an Canónaċ Cilgallin, An Canónaċ P. Ó Dúarcáin, an tAṫair Ó Duiḃeannaiġ, an tAṫair P. Muiris Rua. an tAṫair M. Laiḃín, agus an tAṫair S. Ó Maolċiaráin, an tAṫair S. Giolla Ḃarraiġ, caṫaoirleaċ: Tomás Ó Ceallaiġ, Sráid an Ṗiarsaiġ, Béal an Ṁuirṫid, Leas Ċaṫaoirleaċ, Pádraic Báiréad. agus an tAṫair U. Ó Mórḋa, S.C. Rúnaiṫe, T. S. Bohan, agus E. S. Mac Aindriú. Cisteoirí, E. S. Mohan, V.S. agus E. Breaṫnaċ.

ANAGAIRE

Arna cuairteoirí go hAnagaire ar na mallaiḃ, ḃí Seán Ó Loinsiġ, T.D.. Aire Airgeadais. Scairt sé ar cara dó ansin, Miċeál Mac Closcaiḋ, Anagaire.

Tá na madaí rua ag déanaṁ scrios ṫart ar ċeantar Anagaire agus eagla ar na feirmeoirí ⁊ mná tiṫe faoi na gcuid éanlaiṫ. D'éirig le Dónal Ó Gallċoḃair ⁊ Eoin Forcair as Anagaire Ṫiar, beirt mada rua a ṁarú an tseaċtain seo caite.

De ḃárr cainteanna a rinne an Coṁairleoir Séamas Mac Ruaiḋrí, faoi scéim uisce na Rosa a leaṫnú go dtí baile fearann Doire na Mainséar, beiḋ Coṁairle Co. Ḋún na nGall ag taḃairt amaċ foirmeaċa canḃas do na tiṫe sa ċeantar roiṁ i ḃfad eile.

BEARNA

Tá féile slat-iascaireaċta Cuan na Gaillime ag dul ar aġaiḋ na laeṫa seo, agus tá os cionn ceiṫre scór slat-iascairí ag glacaḋ páirt ann. Coiste Tráċtála Sóisir na Gaillime, ⁊ Cumann Slat-Iascairí na Gaillime atá ag reaċtáil an féile, ⁊ Bord Fáilte agus Watney, ag caḃrú leo. Tá cuid mór duaiseanna luaċmara le bronnaḋ. B' éigin uiṁir na gcoiṁlinteoirí a ċoinneáil teoranta do 80 toisc naċ raiḃ slí do níos mó faoi mar atá san am i láṫair le ḃádaí ⁊ eile. Ar na daoine a ṫug duaiseanna fá ċoinne na gcomórtaisí ḃí Bing Crosby.

ACAILL

Coṁġairdeaċas leis an ṁeánscoil in Acaill, agus leis na múinteoirí agus na micléinn ann, d'éirig le gaċ uile ḋuine a ḃí istiġ ar an árd-teistiméireaċt. pas d'ḟáil insan scrúdú sin. Ní beag an cúis maoite é seo do ṁeán-scoil beag tuaiṫe.

Ar na mallaiḃ pósaḋ Liam Ó Ḃarlaiġ, Baile an Ṁuilinn, Co. na Gaillime, agus Bernardine Nic Cárṫaiġ, Duḃ Éga. An tAṫair Mac Eoin, S.C., a ṗós iad, agus S. Ó Ḃarlaiġ, deartáir an ḟir, agus M. Ní Raġallaiġ. a ḃí ag baiteoireaċt leo. Tá an fear nua-ṗósta ina ḃainisteoir ar siopa Ṁic Suiḃne, in Acaill.

Sa ḃaile ar laeṫa saoire ó Ṁeiricea, ag caiṫeaṁ saoire le n-a ṁáṫair, in Dúṁaċ, agus a deirfiúr ar an gCorrán, tá Ṗilomena Ní Ġrifín. Deirfiúr í do Donnċa Ó Gallċoḃair, O.S., An Corrán, agus Bean Uí Gaoltaiġ, Dúṁaċ.

Níl de ċaint frid Acaill fós, aċ an bua mór a ḃí ag peileadóirí mionúr Aċla, nuair a ḃuaiġ siad craoḃ na condae, ag buaċaint ar Clár Ċloinne Ṁuiris, oíċe Aoine. Cuireaḋ árd fáilte ar fad rompa ar ṫeaċt na ḃaile díoḃa, agus ċuaiġ an líne mór caranna a ḃí na ḃaile leo mórṫimpeall Oileán Acla ar fad. Tá sé seaċt mbliana déag ó ṫosaiġ Acail ag coiṁlint fá ċoinne an craoḃ seo a ḃaint, agus is mór le rá é go ḃfuair siad an bua sa deireaḋ. D'imir gaċ duine den ḟoireann go híontaċ maiṫ, agus is coṁarṫa maiṫ é, agus tuar maiṫ é don am atá le teaċt, agus do foireann sinsear Acla, i gceann roinnt blianta, go ḃfuil foireann mionúir ċom maiṫ ag Acaill.

Tá Acaill ag dul ó ḃua go bua insan ṗeil, agus taréis an ḃua mór nuair a ṫug siad leo corn na mionúr, Dé Doṁnaiġ seo caiṫte, ḃuaiġ siad arís ar Caisleán an Ḃarraiġ, i gcraoḃ ċluiċe na sóisear, le scór, Acaill 2-5; Caisleán an Ḃarraiġ 1-6. Ḃuaiġ siad Corn Uí Ċiosóig, agus ṫug siad leo treasna go hAcaill é. Ḃí an cluiċe cotrom go maiṫ, agus Caisleán an Ḃarraiġ ar tús, taréis an ċéad ċeaṫrú uaire. Pádraic Mac Ṗáidin a ḟeag an dúsraiṫe do ḃua Acaill, leis an cúl breá a fuair sé. Acaill ab' ḟearr ins na tosaiṫe. Ar na h-imireoirí ab' ḟearr a ṡeas cliú do Acaill, ḃí Pádraic Mór Cillḃán, B. Mac Ṗáidín; T. Cafraiġ, P. Cillḃán, M. English, ins na cúil; Miċeál English, S. Ó Maolḃuaiġ agus Breandán Ó Muirí. Ba ṁór an t-áṫas a ḃí ar tacadóirí Aċla, nuair a ḃí an cluiċe ṫart. Ḃrú siad isteaċ ar an páirc, agus h-iompríoḋ an Caiptín, Pádraic Mór Ó Cillḃán, agus imireoirí eile ar ġuailneaċa fear. Ḃí líne mór gluaisteán ag tionlacan an foireann aḃaile go hAcaill, agus ṫart timpeall an oileáin 'na ḋéiḋ sin. Ḃí banna ceoil Scoil de La Salle leis na foirne ar an páirc.

Coṁġáirdeaċas le Gabriel Mac Anna, mac le P. Mac Anna agus a ḃean, Gob a' Ċoire. a fuair an árd-teistiméireaċt le onóraċa in 6 áḃar agus glaoċ ċun Coláiste Oiliúna, Dromconnraċ. D'imir sé mar lán tosaí le foireann mionúr Aċla, a ġnóṫaiġ craoḃ-ċluiċe Ṁuigeo.

Ar na daoine as Meiriceá a ċaiṫ saoire in Acaill, nó insan ċoṁarsanaċt, ḃí Neans Bean Ṁic Suiḃne, ar saoire lena deartáir, in Glas Uí Lann, Corrán, atá 53 bliana in Clebeland. Ḃí a h-iníon, Máire Léí. Ar saoire lena h-aṫair agus a ṁáṫair, Miċeál Seoiġe agus a ḃean, Corrán, ḃí Áine Seoiġe, agus colceaṫrar dí as Clebeland, a dtáinig a h-aṫair mór, Dairbe Furraiġ as Cloċ Mór.

Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Ḃí dá uan ag caora de ċuid Séamus Ṁic Suiḃne, as Tír Leaṫan, i ndeireaḋ na seaċtaine. Ceann den ċine Cheḃiot atá inti, aċ sé an t-iontas is mó fá'n ainmí tortúil seo go raiḃ trí huain in éineaċt aici i dtús mí Eanair —b'ṡin cúig cinn taoḃ istiġ de ḃliain. Meastar nár sáraíoḋ an ċuriarraċt sin le cuiṁne na ndaoine.

Ḃí bunaḋ na paróiste seo i dtólaṁ fial agus a ċrúṫú sin le feiceáil ar an tseaċtain seo a ċuaiġ ṫart nuair a fágaḋ oiread móna i gcúl ṫí an tsagairt óig agus déanfas a ġnóiṫe i riṫ an ġeiṁriḋ agus níos fuide. Tá seo ina ċleaċtaḋ ag muintir Caraig Airt gaċ bliain—aċ táṫar iontaċ buíoċ dóiḃ i láṫair na huaire as siocair go raiḃ fíorḋroċṡéasúr móna ann i mbliana.

Beiḋ Micí Ṡimí Mac Ġiolla Ḃríde ag tógáil an tseanṗinsin ar an ṁí seo ċugainn. Ar an bealaċ go Carraig Airt, san aicearra ag tarraingt ar ṫí Aindí Ṗádraig Ṁic Ṗáidín ar na mallaiḃ, fuair sé mála-láiṁe le mnaoi - uasal éigin agus é ina luí ar ċiuṁais an ċosáin — nóta ċúig bpunt ann agus os cionn punt de ḃriseaḋ le n-a ċois, in éineaċt le ceadúnas tiomána. ⁊rl. Ṫug Micí díreaċ don tsagart agus. le caḃair na ngárdaí, fuarṫas an té ar léi an mála. Nuair a ṫáinig sí (as na Sé Contaeṫa) fá n-a ċoinne, ṫug sí punt de ḃronntanas do Ṁicí, gur ċeannaiġ sé ticéad iomlán i Scuabġeall na nOspidéal faoin nom-de-plume, "Mise agus Triúr Eile."!

Ḃí Lá mór i gCarraig Airt Dé Doṁnaiġ, an 12ú inst., mar bíos gaċ bliain nuair a ṫig bunaḋ Ḋoire Ċolmcille ċugainn ar ṁóraeraíoċt agus iad a ṫaḃairt cois farraige anseo i ndosaen de ṁórḃusanna bóṫair agus an oiread ċéanna nó níos mó de ġluaisteáin ṗríoṁáideaċa. Foirne tionscail na báicéireaċta ins an ċaṫair, iadsan agus iad uile a ḃfuil baint acu le gnóiṫí aráin. a ḃí páirteaċ insan ṁórṫuras. Dála gaċ aon bliain eile, ḃí focal curṫa acu ar an North Star Ballroom i riṫ na hiarnóna i gcóir iṫeaċáin, ólaċáin agus siamsa ceoil agus rince. Agus i mbliana arís, ḃí a mbannaseinte féin leo as an ċaṫair, mar ḃí "Céilí-Ḃanna Ṡéarlaí Uí Ċeallaiġ." Idir béilí, ó am go h-am i riṫ an tráṫnóna, ṫéaḋ, a trí nó a ceaṫair de ḃusanna sealaíoċta ṫart tuaṫal fá'n Atlantic Drive—agus baineaḋ sineaḋ as an tráṫnóna naċ raḃṫas ag feiṫeaṁ leis. Ṫaitn aoiḃneas na hócáide leis na cuairteoirí ⁊ le bunaḋ an ḃaile.

Ḃí barbecue ar ṫrá na nDúine oíċe Ḋiardaoin seo a ċuaiġ ṫart, do ṁicléinn an Ċoláiste Ġaeilge agus cuairteoirí as na carḃáin ⁊ a gcáirde, idir buaċaillí agus cailíní na háiṫe. Baineaḋ sualce breá as an ócáid neaṁġnáṫ seo —cé gur ṁór an trua gur tugaḋ oiread buarṫa do na girseaċa a ḃí i mbun na cócaireaċta — mar ṫárla i roiṁe, mar náire ar an áil, cúpla uascán díoṁúinte de ḋéagóirí as an Taoḃ Ṫoir naċ ḃfuil tuigḃeáil ċránaċ acu ar ċéard is greann ann.

An Cloċán Liaṫ

Ceapaḋ Ḃeronica Ní Ċnáiṁsí. as Mín Draiġean, An Cloċán Liaṫ, mar cléireaċ in Oifigí Bord Soláṫar an Leictreaċais san gCloċán Liaṫ in ionad Paidraigín Ní Ḋoṁnaill, a d'ḟág le dul ag obair i mBaile Áṫa Cliaṫ.

Iníon í do Ṗádraig Ó Cnáiṁse agus a ḃean, agus fuair sí a ċuid oideaċas ag Scoil Mín na Croise, agus Árd Scoil an Ċloċáin Léiṫ.

Ḃí Easpag Raṫḃoṫ, an Dr. Sán Oirṁinneaċ Mac Fiṫċille. ar an Cloċán Liaṫ an tseaċtain seo caite, áit ar ċur sé 16 páistí faoi Láiṁ Easpag, i dTeaċ Pobail Naoṁ Peadar, An Cloċán Liaṫ. Laḃair sé fá'n baol don Ċreideaṁ a ḃí insan telefís, radio agus na páipéir nuaíoċt, ⁊ an dóiġ a raiḃ siad ag scaipeaḋ ain-Ċreideaṁ, agus dá ḃrí sin. go gcaiṫfí a ḃeiṫ cúramaċ fán na n-úsáid. Ḃí an baile maisiṫe don ċéad ċuairt oifigiúil don Tiarna Easpag. D'ḟáiltiġ an Dean T. Ó Maolḃuaiḋ, S.P., An Cloċán Liaṫ roiṁe. An tAṫair Mac Giolla Ċearra, S.C., a léiġ an tAifreann, agus ar na sagairt eile i láṫair. ḃí An Canónaċ Ó Maolrianaiġ, Leitir Ceanainn, An tAṫair S. Mac Ḟionnlaoiċ, S.P., Anagaire, An tAṫair P. Ó Maolḃuaiḋ, S.P.. Ard a' Ráṫa, An tAṫair Aoḋ Ó Cnáiṁsí, Ard-Scoil Ṁuire, An Dr. E. P. Mac Diramada, S.P., Mín na Croise agus an tAṫair D. Ó Doċartaiġ, S.C., Árainn Ṁór.

Ag caint leis na múinteoirí, ṫug sé buíoċas díoḃa as a gcuid oibre ag ullṁú na bpáistí, don Dul Fé Láiṁ Easpag, agus ṁol sé an obair a ḃí siad a ḋéanaṁ ag múnlú Críost i gcroiṫe na ndaoine óga. Ṫug sé buíoċas do sagairt agus pobal na paráiste, a dtug sé cuairt orṫa ar na mallaiḃ, as an ḟáilte a ċur siad roiṁe, agus ṁol sé cór an Ċloċán Léiṫ agus cór na dTiṫe Pobail eile a raiḃ sé iontu.

AN ROINN LEASA SHÓISIALAIGH

ÁRACHAS SÓISIALAIGH

TEORAINN LUACH SAOTHAIR

Tá Ordú déanta ag an Aire Leasa Shóisialaigh faoi Alt 6 den Acht Leasa Shóisialaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 1965, ag ceapadh an **6 Meán Fómhair, 1965**, mar an dáta óna méadófar an teorainn ioncaim le haghaidh árachais i gcás fostaithe nach lámhfhostaithe ó £800 go dtí £1,200 sa bhliain. Fostaithe a eisiadh ó árachas leis an teorainn roimhe sin tá siad, ón dáta a luadh, inárachaithe go héigeantach mura mbeidh a luach saothair de réir ráta is mó ná £1,200 sa bhliain. Mar sin, ní mór do dhaoine den sórt sin cártaí árachais a fháil ó oifig áitiúil na Roinne (Malartán Feidhmeannais nó Brains-Oifig Feidhmeannais) a luaithe is féidir.